2024/1425

13.6.2024

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 324/2023

## an 8 Nollaig 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE 2024/1425]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos le haghaidh tagarmharcanna tríú tír in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31lzb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1848 ón gCoimisiún) d' Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31lze. **32023 R 2222**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2023 lena gcuirtear síneadh leis an idirthréimhse a leagtar síos le haghaidh tagarmharcanna tríú tír in Airteagal 51(5) de Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2222, 23.10.2023).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2222 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 9 Nollaig 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER

([1]) IO L, 2023/2222, 23.10.2023.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.